Peireascóp a dhéanamh

Ullmhúcán



RANG	Rang a sé
CUSPÓIRÍ	**Snáithe agus Snáithaonaid:** Fuinneamh agus Fórsaí: Solas **Forbairt scileanna:** Ag dearadh agus ag déanamh
NASCADH/COMHTHÁTHÚ	**Matamaitic:** Ag tomhas, uillinneacha **OSIE: Stair:** Úsáid pheireascóip i bhfomhuireán agus sna trinsí
CÚLRA	Is féidir scáthán a úsaid chun féachaint timpeall ar chúinní. Nuair a bhuaileann ga solais scáthán ar uillinn, frithchaitear é ón scáthán ar an uillinn chéanna lenar bhuail an ga an scáthán i dtosach. Mar sin, má bhuaileann ga solais scáthán ar uillinn 45°, frithchaitear é ar uillinn 45°. Beidh an ga solais iompaithe trí uillinn 90°. Ciallaíonn sé seo gur féidir linn breathnú timpeall ar chúinní le cabhair scáthán. 
ÁBHAIR / FEARAS	Cairtchlár (bosca calóga arbhair) Dhá scáthán phlaisteacha. (7.5cm X 5cm) do gach peireascóp). Téip ghreamaithe Rialóirí Uillinntomhas Siosúir
ULLMHÚCHÁN	Bailigh na hábhair agus déan peireascóp roimh ré. Tá sé áisiúil ceann a dhéanamh roimh ré mar bíonn sampla ar fáil do na páistí.
SPRIOC CHEISTEANNA	**Nuair a chaitheann tú liathróid le balla ar uillinn airithe cén treo a preabann sé ón mballa?** (Ar an uillinn cheanna). **Cén treo ina fhrithchaitear solas ó dhromchla lonrach?** (Ar an uillinn cheanna, ar nós na liathróide). **An féidir leat cúl do chloiginn a fheiscint?** (Bain úsáid as dhá scáthán). **Conas is féidir ga solais a iompú trí uillinn 90°?** (Bain úsaid as scáthán atá ar uillinn 45°). **Conas is féidir le mairnéalaigh i bhfomhuireán breathnú ós cionn an uisce?** (Baineann siad úsaid as dhá scáthán atá ar uillinn 45°, sé sin úsáideann siad peireascóp) .
SÁBHÁILTEACHT	Bí aireach leis na siosúir
LEATHNÚ	Iompaigh an peireascóp bun ós cionn. An oibríonn se mar seo? An chuma cén bealach a bhfuil sé casta? Bain úsáid as cartún bainne folamh chun peireascóp a dhéanamh. Conas is féidir cúl do chloiginn a fheiscint? Smaoinigh ar bhealaí chun scátháin a úsáid.

Tá Stáirse i ngach áit (ar lean)

GNÍOMHAÍOCHT

Cuir cúpla braon den tuaslagán íadaín le gach ceann de na hearraí seo leanas agus breathnaigh má tá aon athrú ar dhath an íadaín le feiscint. Tá stáirse ann má athraíonn an dath go dúghorm.

Cláraigh na torthaí anseo:

Earra	Ar iompaigh an t-íodaín Gorm nó dúghorm	An raibh stáirse ann
Páipéar síoda		
Páipéar cistine		
Muga plaisteach		
Muga polystyrene		
Arán		
Práta		
Úll		
Briosca		

SÁBHÁILTEACHT

Tabhair aire leis an íadaín agus bíodh na páistí faoi dhiansmacht ag daoine fásta; ná cuir an t-íadaín isteach sa bhéal. Ná coimeád an tuaslagán íadaín i dtaisce sa rangsheomra. Tabhair aire le héadaí mar fágann íadaín smál. Nigh na lámha i ndiaidh na gníomhaíochta.

LEATHNÚ

Is féidir leis na páistí:
Eolas a fháil ar conas mar a úsáidtear stáirse.
(Tá trí príomh úsáid ag stáirse – is mórbhia é, is ábhar ramhraithe d'anlann é, agus úsáidtear é chun cleandar a chur ar éadaí).

Breathnú ar an t-ábhar pacála atá ar bhia chun a fháil amach an bhfuil stáirse ann. Tá stáirse le fáil in arán, pasta, gránach,prátaí, agus go leor eile.

Iniúchadh a dhéanamh ar Phirimid an Bhia.

Plé a dhéanamh ar na príomh saghas bia agus cad is cothú cothrom ann. *(Is iad carbaihiodráití, próitéiní, geireacha, vitimíní, mianraí na príomh saghsanna bia atá ann).*

Bosca lón folláin a dhearadh dóibh féin nó do pháistí óga.

Fiosrú a dhéanamh ar na saghsanna stáirse atá in úsáid ar fud an domhain.

Iniúchadh a dhéanamh ina rang féin ar cén saghas stáirse atá á ithe acu.

Staidéar a dhéanamh ar an nGorta Mór in Éirinn.

A gcuid stáirse féin a dhéanamh.

Taos Stáirse a dhéanamh – tá an obair seo salach go maith.

Tá leagan splancbhunaithe den ghníomhaíocht seo ar fáil ar www.primaryscience.ie